# Gáir an Chláir

Líonra na hInse · Baile Líonra Gaeilge ·




**Eagrán 2: Geimhreadh 2025**

## Eagarfhocal

inis dom!



Is cúis áthais ar leith dúinn a bheith ag seoladh Inis Dom le haghaidh Líonra na hInse. Tá ár mbuíochas tuillte ag na ceannródaithe a chuir an Ghaeilge i lár an aonaigh anseo in Inis le daichead bliain anuas. Smaoiním, ach go háirithe, ar Sheán Ó Ceallaigh, Roibeard Ó Ceallaigh agus Dónal Mac Mathúna, triúr laoch ó thaobh an teanga. Tá an teanga ag dul ó neart go neart sa bhaile agus cabhróidh an tionscnamh seo go mór le pobal an Chláir deiseanna breise úsáide Gaeilge a bheith acu go laethúil. Guímid gach rath ar na gnónna uilig atá i bpáirtnéireacht linn. Fáilte roimh thuilleadh.

**Dónal Ó hAiniféin - Cathaoirleach**



SIOPADÓIREACHT AS GAEILGE IN INIS
inis dom!
SHOPPING AS GAEILGE IN ENNIS

## San Mór-Eagrán seo:

Lch 2: Ciorcal Comhrá sa Chlár & Ár bhFoireann

**Imeachtaí le Déanaí:**

Lch 3: Inis Dom!
Lch 5: Glúin Nua na Gaeilge
Lch 6: Club Gaelach na hInse
Lch 7: Óg Ógras
Lch 8: Tráth na gCeist & Oíche Chultúir
Lch 9: Mórshiúl CEARTA
Lch 10: Ranganna Gaeilge
Lch 11: Na Meáin Shóisialta
Lch 12: Tuismitheoirí na hInse
Lch 13: Comórtas Cártaí Nollag

**Imeachtaí le Teacht:**

Lch 14: Daidí na Nollaig
Lch 15: Cumann Merriman & Féile Scoildrámaíochta
Lch 16: Féile na hInse
Lch 17: FSMD, Scór & CLG
Lch 18: Cluichí

**Beannachtaí na Nollag oraibh!**

www.anclarasgaeilge.net
anclarasgaeilge@gmail.com
065-6864474
@anclarasgaeilge (TikTok)
An Clár as Gaeilge // Líonra na hInse
@anclarasgaeilge (Instagram)
@anclarasgaeilge (X)

# GÁIR an CHLÁIR

Fáilte

Eagrán 2: Geimhreadh 2025




## Ciorcal Comhrá sa Chlár

**Spás cainte agus cairdis i gCo. an Chláir.**

An bhfuil fonn ort do chuid Gaeilge a úsáid ar mhodh nádúrtha, neamhfhoirmiúil? Bí páirteach i gciorcal comhrá!

Bíonn na ciorcail ar siúl chuile seachtain ar fud an chontae, le réimse leathan suíomhanna agus laethanta. Ná bíodh drogall ort bualadh isteach - is deis álainn í seo chun do mhuinín a neartú, cairde nua a dhéanamh, comhrá bríomhar a chleactadh, agus snas breise a chur ar do chuid Gaeilge i dtimpeallacht chairdiúil, neamhfhoirmiúil. Tá fáilte romh gach leibéal líofachta - ó thosaitheoirí go cainteoirí líofa. Féach an amchlár thuas agus aimsigh ciorcal in aice leatsa anois!

## Ár bhFoireann



### Leah Ní Thailtigh - Oifigeach Pleanála Teanga

Is í Leah Ní Thailtigh Oifigeach Pleanála Teanga le Líonra na hInse. Tá sí tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge in áiteanna oibre agus pobail, ag tabhairt tacaíochta do ghnólachtaí agus eagraíochtaí le pleanáil agus forbairt teanga. Tá a cuid oibre dírithe ar mhúnlú timpeallacht ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt agus á úsáid go laethúil.



### Teresa Ní Riain - Oifigeach Riaracháin

Is í Teresa Ní Riain Oifigeach Riaracháin le Líonra na hInse. Tá sí ag obair chun tacú le heagraíochtaí agus pobail i gcur chun cinn na Gaeilge, ag cabhrú le tionscnaimh agus tionscadail a fhorbairt a chothaíonn úsáid na teanga i ngnóthaí agus i saol laethúil na bpobal.

GÁIR an CHLÁIR

Eagrán 2: Geimhreadh 2025

SIOPADÓIREACHT AS GAEILGE IN INIS
inis dom!
SHOPPING AS GAEILGE IN ENNIS

# Imeachtaí le Déanaí: Inis Dom

**Feachtas Inis Dom! - Togra maidir le Siopadóireacht Dhátheangach in Inis.**

Ar an 27ú Meán Fómhair, mar chuid dár seoladh oifigiúil, sheol muid feachtas físe speisialta. Chuamar timpeall ar na siopaí ar fad a bhí páirteach sa togra, ag cur a gcuid gnóthaí chun cinn mar ghnólachtaí dátheangacha.

Bronnadh suaitheantais “Inis Dom!” ar na fostaithe agus ar na húinéirí – comhartha go bhfuil Gaeilge acu agus gur féidir seirbhís a fháil trí mheán na Gaeilge ina siopa.

Bhain an feachtas seo rath dochreidte amach, ag mealladh suime mhóir ó ghnólachtaí eile sa cheantar ar mhaith leo páirt a ghlacadh.

Mar thoradh air sin, d’eagraíomar feachtas físe eile agus tháinig borradh mór ar ár bhfeiceálacht agus ar ár n-idirghníomhaíocht ar líne.

Dá bharr sin, táimid i bhfad níos gnóthaí le linn uaireanta oibre anois, le glaonna teileafóin rialta maidir le haistriúcháin agus le ceisteanna gramadaí.

Bhí tionchar thar a bheith dearfach ag an bhfeachtas seo ar ár gcuid oibre, agus mar chríoch ar an scéal, fuair ár bhfo-ghrúpa Glúin Nua na Gaeilge an líon rannpháirtithe is airde riamh.



Paul Flanagan agus Emer O’Flaherty ag Seoladh Inis Dom





SIOPADÓIREACHT AS GAEILGE IN INIS

inis dom!

SHOPPING AS GAEILGE IN ENNIS

# Imeachtaí le Déanaí: Inis Dom

Tá an dara céatadán is airde de chainteoirí Gaeilge sa stát sa Chlár – 47%! Chuige sin, tá an tionscnamh Inis Dom ag iarraidh gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid i seirbhís do chustaiméirí, i gcomharthaíocht, i mbiachláir, ar shuíomhanna gréasáin agus ar na meáin shóisialta.
Cuirtear tacaíocht ar fáil trí chabhair le maoiniú a fháil agus trí sheirbhísí aistriúcháin, oiliúint, agus ábhar bolscaireachta a chur ar fáil.

Tá Inis Dom ag dul ó neart go neart, agus táimid fíorbhuíoch as ucht an tacaíocht atá á taispeánt ag gnólachtaí áitiúla na hInse agus ag pobal na hInse. Seoladh feachtas físe Inis Dom le déanaí - thíos agus ar dheis, feictear cuid de na gnólachtaí atá tar éis tacú linn go dtí seo!

*Tuilleadh eolais!*






Glúin Nua na Gaeilge
Ré Úr Don Teanga Sa Chlár

# Imeachtaí le Déanaí: Glúin Nua na Gaeilge

Tá lúcháir ar Chlár as Gaeilge a fhógairt gur bunaíodh Fochoiste nua – Fochoiste na hÓige.
Cruthaíodh an grúpa seo chun bearna shoiléir a líonadh i saol sóisialta na ndaoine óga le Gaeilge – idir dhaoine a chríochnaigh an mheánscoil, atá sa choláiste nó ina 20idí. Tá sé mar aidhm againn spás neamhfhoirmiúil, spreagúil a chruthú do dhaoine óga chun an Ghaeilge a úsáid go nádúrtha agus go sóisialta.
I measc na n-imeachtaí a eagraíodh go dtí seo:

🎶 **Oíche 'Cath na mBannaí'** – comórtas ceoil beo le bannaí éagsúla
🗣️ **Ciorcal Comhrá** – Kaiféin
🚶‍♀️ **Siúlóid ar an Trá** i Rinn na Spáinneach
🍻 **Preab-Ghaeltacht** i Michael A's le linn Fhéile Willie Clancy
🎬 **Oíche Scannán** Cois na hAbhna – Shrek as Gaeilge
🎬 **Oíche Scannán** Cois na hAbhna–Kneecap as Gaeilge
🎨 **Oíche Péint & Pinot**
🎃 **Oíche Snoíodóireacht Puimpcín**

Tá 50 duine againn i gclár WhatsApp na coiste, agus tá an Fochoiste thar a bheith rathúil. Táimid ag tnúth go mór le leanúint ar aghaidh leis sa bhliain 2026, ag spreagadh tuilleadh idirghníomhaíochta, páirt ghníomhach, agus forbairt na Gaeilge i measc an phobail.















www.anclarasgaeilge.net
anclarasgaeilge@gmail.com
065-6864474
@anclarasgaeilge
@anclarasgaeilge
@anclarasgaeilge
An Clár as Gaeilge // Líonra na hInse

GÁIR an CHLÁIR

Eagrán 2: Geimhreadh 2025

# Imeachtaí le Déanaí: Club Gaelach na hInse

Bhí Oíche Clárúcháin Chlub Gaelach na hInse ar siúl ar an 13ú Meán Fómhair, agus tá 60 duine cláraithe don chlub go dtí seo – borradh mór ar na huimhreacha, ag fás agus ag dul ó neart go neart.

Beidh 6 seisiún againn roimh na Nollag, agus tá sé beartaithe na seisiúin a eagrú arís tar éis na Nollag go dtí laethanta saoire na scoile i mí an Mheitheamh.

Go dtí seo, tá réimse leathan imeachtaí curtha i láthair againn, lena n-áirítear tráth na gceist, haca, Damhsa na Déilbhe, snoíodóireacht puimcín, agus cóisir Oíche Shamhna. Tar éis na Nollag, tá turas á eagrú againn agus táimid ag tnúth go mór leis an eachtra seo le chéile.

Tá sé fíor-thábhachtach dúinn go leanfaidh na himeachtaí seo ag spreagadh agus ag cur le húsáid na Gaeilge i measc na bpáistí agus na ndaoine óga go léir.









www.anclarasgaeilge.net
anclarasgaeilge@gmail.com
065-6864474
@anclarasgaeilge
@anclarasgaeilge
@anclarasgaeilge
An Clár as Gaeilge // Líonra na hInse

# Imeachtaí le Déanaí: Óg Ógras



**Óg Ógras – Spraoi, Cairdeas agus Gaeilge!**
Is club óige bríomhar é Óg Ógras do dhaltaí Rang a 4 agus Rang a 5 i nGaelscoil Mhíchíl Cíosóg. Tugann sé deis iontach do pháistí bualadh lena chéile taobh amuigh den seomra ranga agus an Ghaeilge a úsáid i suíomh spraíúil, cairdiúil agus neamhfhoirmiúil.



Bíonn neart gníomhaíochtaí ar siúl i rith na bliana ó chrosanna Bhríde a dhéanamh i mí Feabhra go dtí an dioscó Lá Vailintín, turas spleodrach chuig an sorcais, agus eachtra mhór sa Plant Ennis le haghaidh babhlála agus laser tag.








Is deis iontach é don aos óg cairde nua a dhéanamh, muinín a chothú agus thar aon rud eile, taitneamh a bhaint as an nGaeilge i saol laethúil an pháiste. Tá fáilte roimh gach duine páirt a ghlacadh agus bheith mar chuid den spraoi!





# Imeachtaí le Déanaí:
## Tráth na gCeist



Reáchtáladh tráth na gceist mar chuid de fheachtas náisiúnta atá á stiúradh ag Glór na nGael ar son na Palaistíne. Bhí an-áthas orainn 63 rannpháirtí a bheith i láthair agus tacaíocht chomh láidir sin a fheiceáil ón bpobal.


Mar thoradh ar an ócáid, cuireadh €2,000 ar fáil ag ár ngrúpa do Glór na nGael, le tabhairt ar aghaidh ar son Phalaistíne. Bhí an fheachtas agus an ócáid féin ina rath mór.

# Imeachtaí le Déanaí:
## Oíche Chultúir

OÍCHE CHULTÚIR



Bhí Oíche Chultúir den chéad scoth againn le KRC, a chuir faoi gheasa muid lena gcuid amhrán álainn as Gaeilge! Oíche lán le ceol, cultúr agus craic a bhí ann, le 45 duine ag baint sásaimh as comhrá nádúrtha, croíúil as Gaeilge, agus fuaim dhraíochtúil an cheoil Ghaelaigh ag líonadh an aeir. Fíorfhéile Ghaeilge a bhí inti!



GÁIR an CHLÁIR
Eagrán 2: Geimhreadh 2025




# Imeachtaí le Déanaí:
## Mórshiúl CEARTA


D'eagraíomar dhá bhus go Baile Átha Cliath don agóid CEARTA ar an 20ú Meán Fómhair. Bhí bus amháin ar fáil do dhaltaí Rang a 6 ó Ghaelscoil Mhíchíl Cíosóg, agus bhí bus eile do dhaoine fásta a bhí ag iarraidh freastal agus tacú leis an ngníomhaíocht. Cheannaíomar t-léinte do gach duine a d'fhreastail agus rinneamar comharthaí speisialta chun ár dtacaíocht a thaispeáint.

Bhí atmaisféar iontach ar an lá – bhí fuinneamh agus díograis le brath i measc na ndaltaí agus na ndaoine fásta araon, agus bhí an deis iontach againn a bheith páirteach i ngníomhaíocht phobalbhunaithe, ag seasamh le chéile chun ár gcearta a léiriú. Ní hamháin gur thaitin an turas go mór le gach duine, ach d'fhan cuimhne an lae sin linn go deo.





Óige an Chláir le teachtaireacht láidir faoin nGaeilge



Muintir an Chláir ag an Mórshiúl i mBaile Átha Cliath

# Imeachtaí le Déanaí:
## Ranganna Gaeilge




Bhí rath iontach ar ár ranganna Gaeilge i mbliana, le breis agus 70 duine cláraithe! Bhí ceithre rang againn – tosaitheoirí, feabhsaitheoirí, ardleibhéal, agus ranganna speisialta don Ardteist. Chríochnaigh siad ar an 1ú lá de Nollaig agus Tosóidh siad arís ar an 19ú Eanáir go dtí an 23ú Márta.
Thosaigh ár ranganna Gaeilge ar an 22 Meán Fómhair i gCois na hAbhna, ag 7–8 agus mhair siad ar feadh 10 seachtaine, le táille 60 don chúrsa iomlán.
Cuireadh 4 leibhéal éagsúla ar fáil, ionas go mbeadh rang ann a d'oir do chách, beag beann ar a dtaithí leis an nGaeilge. Ag deireadh an chúrsa, bronnadh teastas ar gach rannpháirtí.

I mbliana, eagraíodh rang speisialta do scoláirí a bhí ag ullmhú don Scrúdú Béil Ardteiste. ar chostas laghdaithe €30. Bhí sé seo thar a bheith cabhrach do dhaltaí a raibh sé mar aidhm acu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus muinín a fháil roimh an scrúdú. Beidh an rang speisialta seo á chur ar fáil arís i mí Eanáir (sonraí le fáil ar ár suíomh).
Ná caill an deis seo do chuid Gaeilge a fheabhsú i dtimpeallacht chairdiúil agus thacúil!









# Imeachtaí le Déanaí: Na Meáin Shóisialta

Cuirimid le chéile cláracha Foclóire a bhfuil tóir mhór orthu, go háirithe ar ábhair thopaicúla amhail sraitheanna agus scannáin ar nós Love Island, Game of Thrones, agus Jersey Shore. Déantar iad seo beagnach gach seachtain as Gaeilge, agus spreagann siad idirghníomhú agus spraoi i measc an phobail níos óige.
Tá sé mar aidhm againn an fhoghlaim teanga a chur chun cinn ar bhealach spraíúil agus nuálach, agus tá freagairt an-láidir faighte ó dhaoine







**Gach seachtain: Focal Pop na Seachtaine!**
Foclóir, Seanfhocal, agus Dúshláin na Seachtaine – foghlaim agus cleachtadh Gaeilge ar bhealach spraíúil!


ANCLARASGAEILGE















# Imeachtaí le Déanaí: Toddlers le Gaeilge

**Grúpa cairdiúil do mháithreacha atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge nó go dátheangach**

Tá Toddlers le Gaeilge á eagrú ag Caolfhionn Ní Fhrighil, faoi scáth Clár as Gaeilge agus an tionscadal Teanga Tí. Casann grúpa de mháithreacha lena bpáistí go rialta chun spraoi a bheith acu i nGaeilge – i suíomh éasca, neamhfhoirmiúil agus cairdiúil.
Seo blaiseadh de na himeachtaí a bhí againn go dtí seo i mbliana.







**Imeachtaí a bhí againn:**

- Bogspraoi sa Planet, Inis
- The Speks i nGlór, le cruinniú sa chaifé roimh ré
- Seisiún ceoil i dteach Cathy
- Cuairt ar an Play Inn, Dromoland
- Tóraíocht Cásca i GMC
- Súgradh sa pháirc i gCora Caitlín
- Turas go hInis Oírr
- Trá sa Leacht
- Cruinniú i mBun Raite
- Spraoi Céadfach le Leanne, Halla Cuinche
- Cóisir na Samhna, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg
- Bogspraoi, Planet
- Cóisir na Nollag, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg






# Imeachtaí le Déanaí: Gaeilge24 ag Gaelcholáiste an Chláir

Bhí ócáid mór i nGaelcholáiste an Chláir le déanaí. Ghlac na scoláirí páirt in san dúshlán "**Gaeilge24-speak Irish for a day**", tionscnamh náisiúnta de chuid Conradh na Gaeilge le scolárí iarbhunscoile a chur ag labhairt Gaeilge ar feadh lae iomlán.

Bhí an Clár as Gaeilge fíorsásta urraíocht a chur ar fáil chuig na scoláirí chun a t-léine speisialta a dhearadh chun an teachtaireacht a léiriú.

Léiríodh ard-chaighdeán ealaíne agus Gaeilge in sna hiarrachtaí a rinneadh, agus bronnadh duaiseanna ar na cinn a b'fhearr. Chaith na scoláirí na t-léinte do cheamaire Gháir an Chláir agus feicimid torthaí a saothar.

Ghabh Leah Ní Thailtigh buíochas leis na scoiláirí go léir as a n-iarrachtaí, agus leis na múinteoirí a d'eagraigh an comórtas.

Bhain gach duine taitneamh agus tairbhe as an lá.






GÁIR an CHLÁIR

Líonra na hInse · Baile Líonra Gaeilge

Eagrán 2: Geimhreadh 2025




# Imeachtaí le Déanaí: Comórtas Cártaí Nollag



I mbliana, reáchtálamar comórtas cártaí Nollag agus fuair muid breis agus míle iontráil ó pháistí ar fud an cheantair. Léirigh na healaíona éagsúlacht, samhlaíocht agus cumas dochreidte na bpáistí, agus bhí sé soiléir go raibh an-iarracht curtha isteach ag gach duine acu.

Tionóladh an searmanas bronnta i gCois na hAbhna ar an Luan, an 8 Nollaig, áit ar tugadh aitheantas speisialta do na buaiteoirí. Bhí atmaisféar fíor-Nollag sa halla, le tuismitheoirí, múinteoirí agus cairde bailithe le chéile chun tacú leis na páistí agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid oibre.

Ba ócáid an-speisialta í, ag cur béime ní hamháin ar chruthaitheacht ach ar úsáid na Gaeilge freisin, agus thug sé deis do pháistí an teanga a úsáid i suíomh dearfach agus spreagúil. Táimid thar a bheith bródúil astu ar fad agus táimid ag tnúth cheana féin leis an gcomórtas an bhliain seo chugainn.





# GÁIR an CHLÁIR

Cúl-Chaint ar clare.fm
Gach Satharn ar 9.00 am
Nuacht-Seanchas-Imeachtaí
& Níos mó!

**Eagrán 2: Geimhreadh 2025**




# Imeachtaí le Déanaí: Cúl Chaint

Is é Domhnall Ó Loingsigh, rúnaí An Clár as Gaeilge, a bhíonn i mbun an chláir raidió 'Cúl Chaint' gach maidin Dé Sathairn ag a 9 a chlog ar Clare FM. Sa chlár seo, pléitear na cinnlínte nuachta, imeachtaí áitiúla agus forbairtí pobail trí mheán na Gaeilge, rud a chuireann go mór le saol cultúrtha agus teanga Chontae an Chláir.

Cuirtear an Ghaeilge i láthair mar theanga nádúrtha chumarsáide – beo, ábhartha agus tarraingteach.

Más maith leat bheith ar an eolas, do chuid Gaeilge a chleachtadh, nó díreach taitneamh a bhaint as comhrá maith i nGaeilge, bí ag éisteacht le 'Cúl Chaint' gach Satharn ar Clare FM ag 9 a.m. – ní bheidh díomá ort!

# Imeachtaí le Teacht: Daidí na Nollag




LITIR CHUIG DAIDÍ NA NOLLAG

A Dhaidí na Nollag,
Dia dhuit! Is mise
agus tá cónaí orm i

Bhí mé –:
○ Iontach maith ○ Measartha maith ○ Giota beag dána

Don Nollaig, ba bhreá liom:

Go raibh maith agat, a Dhaidí na Nollag, as
gach rud a dhéanann tú.
Geallaim leanúint ar aghaidh ag bheith cineálta
an bhliain seo chugainn

Is deis iontach í seo do na páistí labhairt go díreach le Daidí na Nollag go dátheangach (Gaeilge agus Béarla), fiúntach ón bhfad i gcéin ón bPol Thuaidh. Reáchtáiltear an glao Zoom ina seomra ranga féin, rud a thugann fíor-atmaisféar agus draíocht na Nollag isteach i ngach scoil agus rang.

Tá an seisiún seo ar fáil saor in aisce do gach páiste, agus tugtar bronntanas beag speisialta dóibh, bliainiris Súgradh , mar chuimhneachán agus mar spreagadh don bhliain atá romhainn.

Cuirtear ceistneoirí ar fáil do na páistí agus dá múinteoirí roimh ré chun cabhrú le Daidí na Nollag ar an lá agus chun a chinntiú go mbeidh an comhrá chomh pearsanta agus chomh spreagúil agus is féidir.

GÁIR an CHLÁIR
Líonra na hInse – Baile Líonra Gaeilge
Eagrán 2: Geimhreadh 2025

# Imeachtaí le Teacht:

## Cumann Merriman

Tá Cumann Merriman ag ceiliúradh céad bliain an Gúim ar an bhfód, agus beidh an cheiliúradh ar siúl in Inis ó 23 go 25 Eanáir (Aoine go Domhnach). Beidh neart imeachtaí ar siúl. Coinnigh súil ar na meáin shóisialta!

Is eagraíocht chultúrtha é an Cumann Merriman a bhunaigh Séamus Ó Duilearga agus Ciarán Ó Nualláin i 1967, ainmnithe i ndiaidh an fhile mhóir Brian Merriman. Eagraíonn an cumann Scoil Samhraidh Merriman gach bliain, chomh maith le Scoil Gheimhridh . Bíonn léachtaí, pléiteanna, ceardlanna agus imeachtaí sóisialta ar siúl, agus dírítear ar litríocht, cultúr, teanga agus stair na hÉireann.

Is fóram oscailte é don phobal ina mbíonn scoláirí, scríbhneoirí, daoine cruthaitheacha agus lucht spéise sa Ghaeilge agus i gcúrsaí cultúir ag teacht le chéile le haghaidh plé agus foghlama i suíomh cairdiúil agus spraíúil.

Téama: An Gúm @ 100: Fís, Friotal agus Foilsitheoireacht na Gaeilge.
Ionad: Óstán an Old Ground, Inis, Contae an Chláir.
Dátaí: Aoine 23ú – Domhnach 25ú Eanáir.

AN CUMANN SCOILDRÁMAÍOCHTA

## Féile Scoildrámaíochta

Eagraítear na féilte Scoildrámaíochta ar bhonn áitiúil, cúige agus náisiúnta, rud a thugann deis do scoláirí ó gach cearn den tír páirt dhíreach a ghlacadh sa drámaíocht trí Ghaeilge. Cuireann siad go mór le féinmhuinín, le scileanna cainte, le forbairt na Gaeilge labhartha agus le comhoibriú idir daltaí.



Beidh an fhéile áitiúil ar siúl i nGlór, Inis, ar an 10 Feabhra, agus Féile na Mumhan ar an 10 Márta, sa suíomh céanna. Téann buaiteoirí na féile áitiúla ar aghaidh chuig an bhféile chúige, agus ansin chuig an bhféile náisiúnta sa Mhuileann Cearr ag deireadh mhí Aibreáin.

# GÁIR an CHLÁIR

Eagrán 2: Geimhreadh 2025













## Imeachtaí le Teacht: Féile na hInse

Le linn na féile, cuirtear réimse leathan gníomhaíochtaí ar siúl , ó aithriseoireacht agus agallaimh bheirte go scéalaíocht, amhránaíocht agus dreas cainte , a léiríonn beocht agus bríomhar na taibhealaíona traidisiúnta agus comhaimseartha Gaeilge.

Cuirtear an Ghaeilge i gcroílár an imeachta, rud atá riachtanach de réir na gcritéar, agus tugtar deis do rannpháirtithe óga agus fásta araon iad féin a chur in iúl go cruthaitheach trí mheán na teanga. Trí na comórtais agus na hócáidí éagsúlacha, cothaítear forbairt phearsanta agus scileanna cumarsáide na rannpháirtithe, agus cuirtear ardán poiblí ar fáil d'ealaíontóirí agus do chleachtóirí nua agus aitheanta araon.

**Foinsí Féile na hInse**







Freastalaíonn an fhéile ar phobal leathan i gCo. an Chláir agus níos faide i gcéin, rud a chuireann go mór le rannpháirteachas sna taibhealaíona Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Spreagann sí lucht féachana níos leithne le freastal ar imeachtaí Gaeilge, agus tugann sí deis do dhaoine ó chúlraí éagsúla teacht le chéile agus taitneamh a bhaint as taibhealaíona ardchaighdeáin.

Tá comhpháirtíochtaí lárnach don tionscadal, idir scoileanna áitiúla, ionaid ealaíon mar Chois na hAbhna agus Gaelcholáiste an Chláir, chomh maith le heagraíochtaí Gaeilge amhail An Clár as Gaeilge agus Conradh na Gaeilge. Neartaíonn na comhpháirtíochtaí seo líonraí idir ealaíontóirí, múinteoirí, grúpaí pobail agus an pobal i gcoitinne. Tugann Féile na hInse síoltacaíocht don traidisiún, nuálaíocht a spreagadh, ardán cruthaitheach a thabhairt d'ealaíontóirí, agus rannpháirteachas bríomhar sa Ghaeilge a chothú i bpobal neamh-Ghaeltachta.

Gáir an Chláir

Eagrán 2: Geimhreadh 2025

# Imeachtaí le Teacht: FSMD,Scór & CLG

**Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha**

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid an Chumainn Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá formhór na gclubanna ag cur na Gaeilge chun cinn bealach amháin nó bealach eile.

Is é cuspóir na fondúireachta seo ná na hiarrachtaí sin a fhorbairt ar bhonn tomhaiste agus pleanáilte. Cuirfidh Glór na nGael cúnamh ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idtéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa club cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronntar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga. Is comórtas de chuid CLG é Scór a chuireann le chéile an tsuim, an dúchas agus an iomaíocht a bhaineann le Cluichí Gaelacha le gné shóisialta agus spraíúil thraidisiúin na hÉireann.

Bunaíodh an comórtas ag an gCLG i 1969 chun traidisiúin agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus chun deis a thabhairt do bhaill an chlub bualadh le chéile, spraoi a bheith acu agus ionadaíocht a dhéanamh dá gclub i rith na míonna geimhridh nuair a bhíonn Peil agus Iománaíocht ar sos.

Tá Leah Ní Thailtigh, Oifigeach Pleanála Teanga leis an Clár as Gaeilge, tar éis glacadh leis an ról mar Oifigeach Gaeilge agus Cultúir le Bord Contae an Chláir, in ionad Joe Garry atá anois le Bord Contae Mumhan.
Má tá aon cheist agat maidir le CLG, Scór, nó Fiondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, is féidir teagmháil a dhéanamh léi.



**Leah Ní Thailtigh**
Oifigeach Pleanála Teanga leis an Clár as Gaeilge & Oifigeach Gaeilge agus Cultúir le Bord Contae an Chláir

# GÁIR an CHLÁIR


Eagrán 2: Geimhreadh 2025

BUAIGH *Duais!*



Ciseán álainn á soláthar ag Ennis Gourmet Store

Seol freagraí an chrosfhocail chuig anclarasgaeilge@gmail.com nó chuig 2 Clós na Bearice, Inis, V95 CD52 Roimh:09/01/26



**Síos**

2. Dath , Dubh agus ....
8. Conas atá tú? 'Cén...... a bhfuil tú
9. Daid
11. Áit, m.sh., Achar talún. Paróiste. Méid tálún
13. Saineolaí
14. Fuaim nó torann port ceoil. (Déan neamhaird ar an fada 'Á' anseo
17. Bíonn ceithre cinn timpeall ar sheomra, de ghnáth
18. Baile...... Cliath, príomhchathair na hÉireann

**Trasna**

1. Cárta ard,uimhir íseal.
3. Mothúchán aoibhe, sásta.
4. Bíonn sí i gceannas an tí, m.sh, ....... an tí
5. Sábhálann an duine seo cúil m.sh Davy Fitz
6. Beannacht sa phost don Nollag, nó don bhreithlá
7. Focal eile ar 'obair'
10. Téigh ar ais d'áit, nó cuir píosa éadach ar ais air féin
12. Scéal príobháideach
14. Comhlacht éitilte na Gaillimhe: Aer______
16. Gníomh iontach, rinne sé '........'

## SEANFHOCAL *Na Seachtaine*



# PIOC AMACH na difríochtaí!





**7** difríocht le aimsiú!

## Na Freagraí

1: Tá dragún ag eitilt thar Sráid Uí Chonaill
2: Tá coróin ar cheann Paul
3: Tá croiméal ar Ruairí
4: Tá aghaidh nua ag Teresa
5: Níl iallacha Paul ceangailte
6: Tá gúna nua ag Leah
7: Thug Domhnall cuairt ar an ghruagaire